**An chuid oibríochtúil**

1) Cuirtear an tOrdú ó Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh an 16 Nollaig 2020, Universität Bremen v REA (T-660/19, nár foilsíodh, EU:T:2020:633), ar neamhní;

2) Tarchuirtear an Cás T-660/19 ar ais chuig Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh;

3) Forchoimeádtar na costais.

(1) IO C 182, 10.05.2021

---

**Ordú na Cúirte (an tOchtú Dlísheomra) an 19 Bealtaine 2022 (iarraidh ar réamhrialú ó notario del Ilustre Colegio Notarial de Andalucía – an Spáinn) – Frontera Capital SARL**

**(Cás C-722/21)** (1)

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 53(2) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Airteagal 267 CFAE – Nótaire – An coincheap "cúirt nó binse" – Critéir – Easpa díospóide os comhair an chomhlacht a rinne an tarchur – Do-ghlacthacht fhollasach)***

(2022/C 340/14)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Notario del Ilustre Colegio Notarial de Andalucía

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir*: Frontera Capital SARL

**An chuid oibríochtúil**

Tá an iarraidh ar réamhrialú ó notario del Ilustre Colegio Notarial de Andalucía (nótaire de chuid Dlísheomra Notairí na hAndalúise, an Spáinn), le cinneadh an 25 Samhain 2021, do-ghlactha go follasach.

(1) Dáta an taiscthe: 25.11.2021

---

**Ordú na Cúirte Breithiúnais (an Seachtú Dlísheomra) an 14 Iúil 2022 (iarraidh ar réamhrialú ón Bundesfinanzgericht – An Ostair) – CM v Finanzamt Österreich**

**(Cás C-25/22)** (1)

***(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 53(2) agus Airteagal 94 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Breithiúnais – Ceanglas maidir le cúiseanna a chur in iúl lena dtugtar údar leis an ngá do fhreagra ar na ceisteanna a cuireadh – Easpa sonraí leordhóthanacha – Do-ghlactha go follasach)***

(2022/C 340/15)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Bundesfinanzgericht

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* CM

*Cosantóir:* Finanzamt Österreich

**An chuid oibríochtúil**

Tá an iarraidh ar réamhrialú ón Bundesfinanzgericht (Cúirt Cónaidhme Fhioscach, an Ostair) le cinneadh an 31 Nollaig 2021, do-ghlactha go follasach.

---

([1]) Dáta taiscthe: 10/01/2022

---

**Achomharc arna thabhairt an 4 Márta 2022 ag Magic Box Int. Toys SLU i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ghinearálta (an Deichiú Dlísheomra) a tugadh an 21 Nollaig 2021 i gCás T-549/20, Magic Box Int. Toys v EUIPO – KMA Concepts**

**(Cás C-194/22 P)**

(2022/C 340/16)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Magic Box Int. Toys SLU (ionadaí: J. L. Rivas Zurdo, Abogado)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, KMA Concepts Ltd.

Le hordú an 7 Meitheamh 2022, dhiúltaigh an Chúirt Bhreithiúnais (Dlísheomra a chinneann ar chóir ligean d'achomhairc dul ar aghaidh) ligean don achomharc dul ar aghaidh agus d'ordaigh do Magic Box Int. Toys a chostais féin a íoc.

---

**Achomharc arna thabhairt an 4 Aibreán 2022 ag Meta Cluster GmbH i gcoinne Ordú na Cúirte Ginearálta (an Naoú Dlísheomra) a fógraíodh an 26 Eanáir 2022 i gCás T 233/21, Meta Cluster GmbH v Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh**

**(Cás C-233/22 P)**

(2022/C 340/17)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* Meta Cluster GmbH (Ionadaí: H. Baumann, Rechtsanwalt)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh

Le hordú an 15 Iúil 2022, chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (an Dlísheomra a chinneann ar chóir ligean d'achomhairc dul ar aghaidh) nár cheart ligean don achomharc dul ar aghaidh agus d'ordaigh an Chúirt don achomharcóir a chostais féin a íoc.

---

**Achomharc arna thabhairt an 3 Bealtaine 2022 ag Govern d'Andorra i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Naoú Dlísheomra) a tugadh an 23 Feabhra 2022 i gCás T-806/19, Govern d'Andorra v EUIPO**

**(Cás C-300/22 P)**

(2022/C 340/18)

*Teanga an cháis: an Spáinnis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* Govern d'Andorra (ionadaí: P. González-Bueno Catalán de Ocón, abogado)

*Páirtithe eile sna himeachtaí:* Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh

Le hordú an 12 Bealtaine 2022, dhearbhaigh Leas-Uachtarán na Chúirte Bhreithiúnas go bhfuil an t-achomharc do-ghlactha agus d'ordaigh do Govern d'Andorra a chostais féin a íoc.

---